An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Coláiste Mhuire Gan Smál

Tuairisc Chun Dáta (28 Samhain, 2018)

Don Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

An Dr. T.J. Ó Ceallaigh (Stiúrthóir ar an M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta)

AN M. OID. SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE AGUS GAELTACHTA:

TUAIRISC CHUN DÁTA

1) CHREIDIÚNÚ AN CHLÁIR

Is mar seo a leanas a rinneadh an clár a fhaomhadh/a dhaingniú chun creidiúnú a áirithiú roimh Mheán Fómhair 2018:

Bord	Dáta	Cinneadh
An Roinn um Oideachas Teanga agus Litearthachta	23/04/18	Faofa
Bord Dhámh an Oideachais	27/04/18	Faofa
Coiste Measúnaithe ar Chláir Acadúla (APAC)	22/05/18	Faofa
Bord Acadúil	08/06/18	Faofa

2) LÍON NA N-IARRATASÓIRÍ AGUS LÍON NA MAC LÉINN

As 36 iarratas, d'éirigh le 23 mac léinn riachtanais iontrála an chláir a chomhlíonadh ar 11 Meán Fómhair 2018. As 36 iarratas:

- bhí 33 iarratasóir ag feidhmiú i scoileanna
- bhí cúigear múinteoirí gan taithí trí bliana
- bhí seachtar príomhoidí san áireamh.



Cairt 1: Cuntas céatadánach ar phróifíl an ranga – príomhoidí agus múinteoirí



Cairt 2: Cuntas céatadánach ar phróifíl an ranga – comhthéacs scoile



Cairt 3: Cuntas geografach ranga 2018/2020

3) SEOLADH OIFIGIÚIL AN CHLÁIR

Ar 19 Deireadh Fómhair 2018, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh, T.D. an M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

An Dr Treasa Kirk, Ceannasaí, An tAonad um Oideachas Gaeltachta, an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán, Coláiste Mhuire gan Smál, An tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh, T.D., an Dr T.J. Ó Ceallaigh, Stiúrthóir an chláir, an Dr Harold Hislop, Príomhchigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Dr Karen Ní Chlochasaigh, Léachtóir ar an gclár.

An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán, Coláiste Mhuire gan Smál, An tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh, T.D. agus an Dr T.J. Ó Ceallaigh, Stiúrthóir an chláir.